



1. Más infheidhme é, ní mór a rá i scríbhinn an chúis nach feidir do chead a chur ar ais chugainn. Mura gcuirtear ar ais é beidh feidhm ag táille €10. Cealaítear na ceadanna nach gcuirtear ar ais agus cuirtear é sin in iúl do Dublin Dublin Street Parking Services.

2. Ní mór duit, freisin, cóip de do Dheimhniú Árachais reatha a sholáthar le d'ainm, seoladh agus uimhir clárúcháin feithicle uirthi. Caithfidh an seoladh ar an Deimhniú Árachais a bheith mar an gcéanna le do sheoladh ag 4 thuas. (Ní ghlacfar le Deimhniú Árachais nach bhfuil an seoladh céanna air.)

Más fostaí thú agus (i) gluaisteán cuideachta agat nó (ii) gluaisteán príobháideach agat atá faoi árachas na cuideachta, is gá duit cóip den Deimhniú Clárúcháin Feithicle a chur isteach, cóip de dheimhniú árachais na cuideachta agus litir ón gcuideachta ina mbeidh na nithe seo a leanas luaite: do sheoladh, uimhir chlárúcháin na feithicle, gur fostaí dá cuid thú agus (i) go mbaineann tú úsáid leanúnach as an bhfeithicil chuideachta nó (ii) go bhfuil do ghluaisteán príobháideach faoi árachas na cuideachta, de réir mar is iomchuí.

Tabhair faoi deara nach bhfuil an méid seo a leanas inghlactha ag an gComhairle Cathrach: Deimhniú Árachais Sealadacha; cartaí Idirnáisiúnta mótar-árachais (“cartaí glasa”); dioscaí árachais; sceidil árachais; fógraí athnuachana agus admhálacha árachais agus litreacha in ionad an Deimhniú Árachais

3. Ciallaíonn feithicil incháilithe, (a) feithicil paisinéara le cóiríocht do dháréag ar a mhéid, seachas an tiománaí, agus gan leantóir nó feithicil eile á tarraingt aici, agus (b) feithicil earraí nach bhfuil a meáchan gan lasta thar 3.5 thonna agus nach bhfuil leantóir nó feithicil eile á tarraingt aici.

4. Níl cead dleathach ach don fheithicil agus sa tsráid/sna sráideanna ceada páirceála a luaitear ar chead an chónaitheora.

5. Má aistríonn tú ón seoladh seo nó má dhiúsraíonn tú d'fheithicil, níl do chead cónaitheora bailí a thuilleadh agus is gá é a chur ar ais chuig an oifig seo láithreach.

6. Cé go n-eisíonn an Chomhairle Cathrach fógraí athnuachana do gach sealbhóir ceada, is é an sealbhóir ceada féin atá freagrach as athnuachan gach cead cónaitheora.

7. Cealóidh agus aistarraingeoidh an Chomhairle Cathrach nó diúltóidh sí athnuachan a dhéanamh ar an gcead páirceála atá ag aon chónaitheoir, má chinntear go bhfuair an sealbhóir ceada an cead sin trí fhaisnéis nó doiciméadú míchruinn a thabhairt.

8. Ní thugann sealbhú cead páirceála cónaitheora ráthaíocht do shealbhóirí go mbeidh spás páirceála i gcónaí acu ar bhóthar/bhóithre na gcead páirceála.